2025/2524

11.12.2025

ÚDARÁS FAIREACHÁIN CSTE CINNEADH TARMLIGTHE UIMH. 184/25/COL

an 24 Deireadh Fómhair 2025

chun an Iarscríbhinn a leasú a ghabhann le Cinneadh Uimh. 150/25/COL maidir le bearta éigeandála san Iorua i ndáil le ráigeanna d'fhliú éanúil ardphataigineach de bhun Airteagal 259(1) de Rialachán (AE) 2016/429 agus Airteagail 21, 39 agus 55 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 [2025/2524]

TÁ ÚDARÁS FAIREACHÁIN CSTE,

Ag féachaint don Chomhaontú idir Stáit CSTE maidir le hÚdarás Faireacháin agus Cúirt Bhreithiúnais a bhunú, go háirithe Airteagail 1(1)(e), 1(2) agus 3 de Phrótacal 1 de.

Ag féachaint don Ghníomh dá dtagraítear ag pointe 13 i gCuid 1.1 de Chaibidil I d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE,

> *Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe')* ([1]), arna leasú agus arna oiriúnú do Chomhaontú LEE leis na hoiriúnuithe sonracha agus earnála dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú sin, agus go háirithe Airteagal 259(1), pointe (c) de,

arna oiriúnú do Chomhaontú LEE le pointe 4(d) de Phrótacal 1 a ghabhann le Comhaontú LEE

De bharr an mhéid seo a leanas:

Is galar víreasach tógálach é an fliú éanúil ardphataigineach ('HPAI') in éin agus d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith aige ar bhrabúsacht na feirmeoireachta éanlaithe clóis, rud a chuirfeadh isteach ar thrádáil laistigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('LEE') agus ar onnmhairí chuig tríú tíortha. Is féidir le víris HPAI éin imirceacha a ionfhabhtú, rud a fhágann gur féidir leo na víris seo a leathadh thar achair fhada le linn a n-imircí san fhómhar agus san earrach. Dá bhrí sin, is bagairt leanúnach é víris HPAI a bheith in éin fhiáine maidir le tabhairt isteach na víreas sin go díreach agus go hindíreach i ngabháltais ina gcoimeádtar éanlaith chlóis nó éin i mbraighdeanas. I gcás ráig HPAI, tá baol ann go bhféadfadh an t-oibreán galair leathadh go gabháltais eile ina gcoimeádtar éanlaith chlóis nó éin i mbraighdeanas.

Le Rialachán (AE) 2016/429 bunaítear creat reachtach chun galair a chosc agus a rialú, ar galair iad atá in-tarchurtha chuig ainmhithe nó chuig daoine. Tagraítear do HPAI in Airteagal 9(1)(a)(i) de Rialachán (AE) 2016/429 mar ghalar liostaithe atá faoi réir na rialacha maidir le galair a chosc agus a rialú a leagtar síos sa rialachán sin. San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 liostaítear galar HPAI mar ghalar de chatagóirí A, D agus E mar a shainmhínítear in Airteagal 1 den Rialachán sin.

Le hAirteagal 259(1) de Rialachán (AE) 2016/429, ceanglaítear ar Údarás Faireacháin CSTE ('an tÚdarás') athbhreithniú a dhéanamh ar bhearta éigeandála arna nglacadh ag údaráis inniúla na hIorua de bhun Airteagal 257(1) den Rialachán céanna i gcás ráig de ghalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1)(a) ('bearta na hIorua'), lena n-áirítear HPAI. Le hAirteagal 259(1)(c), ceanglaítear ar an Údarás, i gcás ina measfaidh sé gur gá, chun cur isteach gan údar maith ar ghluaiseacht ainmhithe agus táirgí a sheachaint, na bearta éigeandála dá dtagraítear in Airteagal 257(1) lena bhformheasfar bearta na hIorua a ghlacadh.

Leagtar amach in Airteagail 60, 64, 65 agus 68 de Rialachán (AE) 2016/429 go bhfuil criosanna srianta le bunú timpeall ar bhunaíocht atá buailte i gcás ráig dheimhnithe de ghalar liostaithe agus sainítear leo na bearta atá le cur i bhfeidhm sna criosanna srianta agus na coinníollacha nach mór a chomhlíonadh sular féidir deireadh a chur leis na bearta. Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, déantar forlíonadh ar na rialacha maidir le rialú ghalair chatagóir A, chatagóir B agus chatagóir C a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/429, lena n-áirítear bearta rialaithe galar le haghaidh HPAI. Déantar foráil in Airteagal 21 den Rialachán sin maidir le criosanna cosanta agus faireachais a bhunú i gcás ráig de ghalar de chatagóir A, lena n-áirítear HPAI, mar aon le criosanna srianta eile más gá. Cuirtear an réigiúnú sin i bhfeidhm go háirithe chun stádas sláinte na n-éan a chaomhnú sa chuid eile de chríoch na hIorua trí chosc a chur le tabhairt isteach an oibreáin phataiginigh agus trí luathbhrath an ghalair a áirithiú.

([1]) Arna ionchorprú i gComhaontú LEE le Cinneadh Uimh. 179/2020 ó Chomhchoiste LEE an 11 Nollaig 2020.

Leanfaidh an t-údarás inniúil de na bearta rialaithe galar a chur i bhfeidhm sna criosanna srianta go dtí go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 68 de Rialachán (AE) 2016/429 agus Airteagail 39, 55 agus Iarscríbhinní X-XI de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687. Áirítear leis sin a dheimhniú go ndearnadh an glanadh agus an díghalrú deiridh i gcomhréir le ceanglais chuid C d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.

An 5 Meán Fómhair 2025, thug an Iorua fógra faoi ráig dheimhnithe de HPAI i mbunaíocht tráchtála ina bhfuil 7 500 éanlaith chlóis i mbardasacht Hadsel i gcontae Nordland ([2]). Rinne an tÚdarás athbhreithniú ar na bearta rialaithe galar a rinne an Iorua agus ghlac sé Cinneadh Uimh. 150/25/COL an 11 Meán Fómhair 2025 lena bhformheastar na bearta sin. Leagtar amach sa Chinneadh sin, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, nach mór na limistéir a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin, ar a laghad, a chuimsiú sna criosanna cosanta agus faireachais arna mbunú ag an Iorua agus nach mór na bearta atá le cur i bhfeidhm sna criosanna sin a choinneáil ar bun go dtí na dátaí a leagtar amach san Iarscríbhinn ar a laghad.

An 15 Meán Fómhair 2025, thug an Iorua fógra faoi mhoill ar thabhairt chun críche an réamhghlanta agus an réamhdhíghalraithe agus gur cuireadh síneadh dá réir le tráthchlár na gcriosanna cosanta agus faireachais bunaithe ([3]). An 23 Meán Fómhair 2025, ghlac an tÚdarás Cinneadh Uimh. 155/25/COL lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Uimh. 150/25/COL chun síneadh a chur le tráthchlár na mbeart atá le cur i bhfeidhm sna criosanna srianta.

An 17 Deireadh Fómhair 2025, chuir an Iorua in iúl gur chuir sí síneadh le tráthchlár na mbeart rialaithe galar atá le cur i bhfeidhm sa chrios faireachais toisc nár comhlíonadh na coinníollacha faoi Airteagal 68(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2016/429 ([4]). Fanfaidh na bearta i bhfeidhm go dtí go ndeimhneofar go ndearnadh an glanadh agus an díghalrú deiridh.

Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Uimh. 150/25/COL a leasú chun fad sínte na mbeart atá le cur i bhfeidhm sa chrios faireachais a léiriú.

I bhfianaise phráinn na staide eipidéimeolaíche in LEE a mhéid a bhaineann le leathadh HPAI, tá sé tábhachtach go dtiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm a luaithe is féidir.

An 22 Deireadh Fómhair 2025, chuir an tÚdarás, trí Chinneadh Tarmligthe Uimh. 183/25/COL (Doiciméad Uimh. 1569061) uaidh, an dréacht-Chinneadh faoi bhráid Choiste Tréidliachta agus Físeasláintíochta CSTE i gcomhréir le hAirteagail 259(1) agus 266(2) de Rialachán (AE) 2016/429. An 24 Deireadh Fómhair 2025, thug Coiste Tréidliachta agus Físeasláintíochta CSTE tuairim dhearfach uaidh maidir leis an dréacht-Chinneadh. Dá réir sin, tá an dréacht-Chinneadh i gcomhréir le tuairim an Choiste.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirfear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Uimh. 150/25/COL.

Foilseofar leagan comhdhlúite de Chinneadh Uimh. 150/25/COL ar shuíomh gréasáin an Údaráis.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a shínithe.

([2]) Doiciméad Uimh. 1558598.
([3]) Doiciméid Uimh. 1560390 agus 1560392.
([4]) Doiciméad Uimh. 1569222.

Airteagal 3

Is ar an Iorua atá an Cinneadh seo dírithe.

Airteagal 4

Beidh an cinneadh seo barántúil sa Bhéarla.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Deireadh Fómhair 2025.

Thar ceann Údarás Faireacháin CSTE, ag gníomhú dó faoi Chinneadh Tarmligthe Uimh. 130/20/COL,

Árni Páll Árnason
Comhalta Coláiste Freagrach

Thar ceann Melpo-Menie Joséphidès
Ag comhshíniú mar Stiúrthóir,
Gnóthaí Dlíthiúla agus Feidhmiúcháin

IARSCRÍBHINN

Cuid A

Na criosanna cosanta san Iorua dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 2

Uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéar arb é atá ann	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí é, i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687
NO-HPAI(P)-2025-001	Na codanna de bhardasacht Hadsel i gcontae Nordland atá laistigh de gha 3 chiliméadar ag a bhfuil mar lár na comhordanáidí GPS: domhanleithead 68.51307; domhanfhad 14.72709	4.10.2025

Cuid B

Na criosanna faireachais san Iorua dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 3

Uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéar arb é atá ann	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí, i gcomhréir le hAirteagal 68 de Rialachán (AE) 2016/429 agus Airteagal 55 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687
NO-HPAI(P)-2025-001	Na codanna de bhardasacht Hadsel i gcontae Nordland atá laistigh de gha 10 chiliméadar ag a bhfuil mar lár na comhordanáidí GPS: domhanleithead 68.51307; domhanfhad 14.72709	31.1.2026

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2524/oj